C/2026/5248

12.10.2026

GLAO AR IARRATAIS

le haghaidh phost an Chláraitheora ar an gCúirt Ghinearálta

(C/2026/5248)

Ceann den dá chúirt atá i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh í an Chúirt Ghinearálta. Áirítear ar a misean, *inter alia,* athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht ghníomhartha institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh. Chuige sin, léiríonn na cásanna a thugtar os comhair na Cúirte Ginearálta gníomhaíochtaí na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí sin. Ina theannta sin, ó Dheireadh Fómhair 2024, tá dlínse ag an gCúirt Ghinearálta freisin éisteacht le hiarratas ar réamhrialú a dhéantar faoi Airteagal 267 den Chonradh ar Aontacht na hEorpa in ábhair shonracha áirithe.

Déanfaidh an Chúirt Ghinearálta, i gcomhréir leis an gceathrú mír d'Airteagal 254 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus le hAirteagal 32 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, a Cláraitheoir a cheapadh go luath.

Déanfar an ceapachán sin go ceann tréimhse sé bliana ón dáta a rachaidh an Cláraitheoir i mbun dualgas, tréimhse a thosóidh i mí Eanáir 2027, más féidir. Rialaítear coinníollacha fostaíochta an Chláraitheora le Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, le Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta agus le Rialachán (AE) 2016/300 ([1]).

I. NÁDÚR NA nDUALGAS

Tá an Cláraitheoir freagrach as seirbhís ina bhfuil thart ar 75 oifigeach agus baill foirne eile. Éilíonn an post scileanna bainistíochta cruthaithe, a léirítear trí thaithí ábhartha sa réimse seo.

Cabhróidh an Cláraitheoir le Comhaltaí na Cúirte Ginearálta ina bhfeidhmeanna oifigiúla uile.

Beidh riarachán, bainistíocht airgeadais agus cuntais na Cúirte Ginearálta de chúram ar an gCláraitheoir, faoi údarás Uachtarán na Cúirte Ginearálta, agus beidh ranna Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh de chúnamh aige chuige sin.

Beidh na séalaí faoi choimeád ag an gCláraitheoir agus beidh sé freagrach as na taifid. Tá sé freagrach as foilseacháin na Cúirte Ginearálta, go háirithe tuairiscí an chásdlí, agus as foilsiú ar an idirlíon na ndoiciméad a bhaineann leis an gCúirt Ghinearálta.

Beidh an Cláraitheoir freagrach, faoi údarás Uachtarán na Cúirte Ginearálta, as na doiciméid uile a ghlacadh, a tharchur agus a choimeád, agus as seirbheáil a dhéanamh de réir mar a fhoráiltear i Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta.

II. INNIÚLACHTAÍ RIACHTANACHA

Ní mór d'iarrthóirí:

— a bheith ina náisiúnaigh de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh,

— oideachas dlí iomlán a bheith acu arna dheimhniú le céim ar leibhéal ollscoile, mar aon le heolas cuimsitheach ar dhlí an Aontais Eorpaigh agus ar fheidhmiú a chúirteanna

— 15 bhliain de thaithí oibre a bheith acu, lena n-áirítear cuid shuntasach i róil lena mbaineann freagrachtaí ar leibhéal an-ard;

— leibhéal an-mhaith a bheith acu i mBéarla agus i bhFraincis. Beidh cumas i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh ina bhuntáiste.

III. IARRATAIS A CHUR ISTEACH

Ní mór iarratais a sheoladh chuig Rúnaíocht Uachtarán na Cúirte Ginearálta, trí ríomhphost amháin, chuig an seoladh ríomhphoist Secretariat_President-Tribunal@curia.europa.eu, **tráth nach déanaí ná an 12 Samhain 2026**.

([1]) Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/300/oj).

Ní mór na doiciméid seo a leanas a bheith ag gabháil leis na hiarratais: (i) Curriculum vitae ina luaitear sonraí iomlána faoi náisiúntacht, céimeanna ollscoile, eolas ar theangacha, na slite beatha a bhí agus atá ag na hiarrthóirí, agus faoi aon taithí atá acu i ngnóthaí breithiúnacha agus idirnáisiúnta (ii) ráiteas gearr ar fhís an iarrthóra don phost (5 leathanach ar a mhéid).

Déanfaidh Coiste Roghnúcháin scrúdú ar na hiarratais, agus déanfaidh an coiste liosta de na hiarrthóirí a mheasfar a bheith oiriúnach do phost an Chláraitheora. Cuirfear an liosta faoi bhráid na Cúirte Ginearálta, a fhéadfaidh cuireadh a thabhairt do hiarrthóirí ar an ngearrliosta chuig agallamh agus a rachaidh ar aghaidh chun an Cláraitheoir a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 32(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta.

Is le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) a rialaítear próiseáil do shonraí pearsanta, rud is gá chun measúnú a dhéanamh ar d'oiriúnacht chun dualgais an Cláraitheora a chomhlíonadh. Ní bheidh rochtain ar do shonraí ach ag na daoine a bhfuil baint acu le próiseáil d'iarratais, is iad sin breithiúna na Cúirte Ginearálta, an tUachtarán agus a chuid cúntóirí. Le haghaidh faisnéis maidir le cosaint do shonraí, déan teagmháil leis an rialtóir sonraí (Secretariat_President-Tribunal@curia.europa.eu) nó leis an Oifigeach Cosanta Sonraí (Dataprotectionofficer@curia.europa.eu).

([2]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).